



TAITHÍ AGUS DEARCTHA AN PHOBAIL

I LEITH NA GAEILGE I GCEATHARLACH 2010

Results of a survey on people's experience of, and opinions of, the
Irish language in Carlow 2010

le

Fionnuala Ní Mhórdha

Maoinithe ag:



Foras na Gaeilge

TAITHÍ AGUS DEARCTHA AN PHOBAIL

I LEITH NA GAEILGE I GCEATHARLACH 2010

le

Fionnuala Ní Mhórdha

Tuairisc a d'ullmhaíodh i 2010/2011 le haghaidh
Grúpa Taighde Theanga na Gaeilge Ceatharlach i gcomhar le Glór Cheatharlach

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí agus leis na daoine seo leanas a chabhraigh leis an tuairisc:

Glór Cheatharlach
Grúpa Taighde Theanga na Gaeilge Ceatharlach
Na hoibrithe deonacha a rinne ceistneoir an tsuirbhé a riaradh
Cathal Ó Catháin a chuir Gaeilge ar an tuairisc
Pádraig Ó Riagáin, ITÉ
Antaine Ó Coileáin, Gael Linn

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Foras na Gaeilge as ucht an tuairisc seo a mhaoiniú

Eolas Breise: Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach
00 353 (0)59 9158105 / (0)85 1340047
eolas@glorcheatharlach.ie
www.glorcheatharlach.ie

Réamhrá

Sa bhliain 1985 rinne Coiste Ghlór na nGael i gCeatharlach, taighde i gCeatharlach agus sa tír máguaird, chomh fada is a bhain le dearcadh an phobail i leith na Gaeilge. Rinneadh an taighde seo i gcomhar le hInstitiúid Teangeolaíochta Éireann (ITÉ). Thug an suirbhé seo le fios go raibh tacaíocht thar na bearta ann do theanga na Gaeilge, cé gur admhaigh cuid mhaith daoine nach raibh líofacht Ghaeilge acu. Thug an suirbhé seo le fios chomh maith go raibh tacaíocht láidir ann go gcuirfí oideachas ar fáil i scoileanna lán-Ghaeilge.¹ De bharr na tacaíochta seo don oideachas trí Ghaeilge tá rath ar an mbunscoil, Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc agus tá fás leanúnach faoin mheánscoil, Gaelcholáiste Cheatharlach. Cuirtear oideachas ar fáil do nach mór 800 mac léinn idir an dá ionad seo. I measc na nithe a ardaíodh sa suirbhé seo bhí ceisteanna faoi sheirbhísí trí Ghaeilge a bheith ar fáil ar an raidió agus ar an teilifís, agus is féidir a rá go bhfuil TG4, a bunaíodh i 1996, Raidió na Gaeltachta agus an clár raidió áitiúil Tobar an Cheantair ag freastal ar na riachtanais seo. Tháinig bláth faoin saol sóisialta i gCeatharlach, trí fhéilte agus trí imeachtaí mar Éigse, Féile an Fhómhair, Oíche SULT, Club Cultúrtha, 7rl.

Ón uair a rinneadh an suirbhé seo, tá athrú mór tagtha ar Bhaile Cheatharlach, san am a dtugtar an “Tíogar Ceilteach” air, ach go háirithe. Ní raibh aon chur síos ar an tionchar a bhí ag an athrú seo ar theanga na Gaeilge. Rinneadh cinneadh dá bharr gur cheart go ndéanfaí an dara suirbhé a chur i bhfeidhm. Faoi choimirce Ghrúpa Taighde Theanga na Gaeilge Ceatharlach, i gcomhar le Glór Cheatharlach, tharla an tionscadal seo i Samhradh na bliana 2010. Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal seo eolas suas chun dáta a chruinniú maidir le taithí agus dearcadh na ndaoine i leith Theanga na Gaeilge i mBaile Cheatharlach. Cuirfidh an t-eolas a cruinníodh, faisnéis úsáideach ar fáil faoin meon i dtaca leis an nGaeilge agus faoi úsáid na teanga. Cuirfidh sé ar chumas phobal na Gaeilge measúnú a dhéanamh faoin tsuim atá sa teanga, agus an pobal a chur san airdeall maidir le mórcheisteanna a bheadh ag daoine i leith na teanga agus conas mar a chuirtear chun cinn í. Cuirfidh sé ar a chumas chomh maith, clár gníomhaíochtaí a cheapadh agus a chur i bhfeidhm don dúiche seo agus é a dhírú ar na gnéithe sin den teanga a bhfuil suim ag daoine iontu. Rinne Foras na Gaeilge an suirbhé a mhaoiniú.

Modh Oibre

Rinneadh cinneadh gurb é an bealach a b’fhearr a d’oirfeadh don suirbhé seo ná go gcuirfí ceistneoir ar fáil chun an t-eolas cuí a bhailiú. I gcomhairle le hionadaithe ó Ghlór Cheatharlach, rinneadh ceistneoir a dhearadh, ceistneoir a bhain le ceisteanna iata agus ceisteanna neamhiata. Rinneadh staidéar triallach sular thosaigh an suirbhé críochnaitheach. Ba i mBéarla a bhí an ceistneoir féin, agus bhí 24 cheist ann. Shocraíomar ar agallaimh duine le duine a chur ar bun chun an ráta freagartha a uasmhéadú. Is daoine fásta amháin iad (> 18 mbliana) na daoine a rinneadh sampláil orthu. Baineadh úsáid as braisleshmpláil ilchéimneach chun na rannpháirtithe a roghnú. Is éard a bhí i gceist sa teicníc seo ná gur roinneadh Baile Cheatharlach i dtús báire, i rannóga éagsúla, agus baineadh úsáid as na toghcheantair atá ann cheana féin. Chomh fada agus a bhain le gach toghcheantar, piocadh samplaí randamacha de mhioncheantair, agus taobh istigh de na ceantair seo roghnaíodh comhludair go randamach le hagallamh a chur orthu. An bua a bhaineann leis an modh oibre seo ná go mbíonn an deis chéanna ag gach uile bhall den daonra bheith roghnaithe, agus go mbíonn laghdú ar chostas, agus ar an am a ghlacann an t-agallóir indibhidiúil ar an obair, toisc go ndearnadh na hagallaimh i mbráislí ó thaobh suímh. Caithfear a thuiscint nár thug an modh oibre seo deis d’aicmí áirithe bheith páirteach sa suirbhé, mar shampla, iadsan a bhí in ospidéal, i dtithe altranais nó gan dídean.

¹ Institiúid Teangeolaíochta Éireann (1986) *The Irish Language in Carlow, 1985. A survey of public attitudes towards Irish, abilities in Irish and Use of Irish* <http://www.glorcheatharlach.ie>

As an 300 comhlúadar a roghnaíodh, ghlac 298 páirt, sin ráta 99.3% freagartha. Ach amháin nuair a deirtear a mhalairt, déantar torthaí a ríomhadh ar an mbonn $n=298$. Cuireadh traenáil ar ocht n-agallóir deonacha áitiúla dhéag a rinne na hagallaimh i rith Mhí Iúil agus Mhí Lúnasa 2010.

Rinneadh anailís ar thorthaí an tsuirbhé ag baint úsáide as na pacáistí bogearraí SPSS agus Excel. Baineadh úsáid as staitisticí tuairisciúla chun achoimriú a dhéanamh ar na sonraí agus iad a chur ar taispeáint. Rinneadh anailís chomhghaolaithe (Pearsons & Spearman) agus Feabhas na hOiriúnachta tástálacha (chí-chearnóg) a chur i bhfeidhm nuair ba ghá, chun iniúchadh a dhéanamh ar ghaolta idir athróa. Baineadh úsáid as leibhéal suntais de 5% sna tástálacha ar fad.

Miondealú Déamagrafach

Inscne

Mná is mó a ghlac páirt sa suirbhé; fir ab ea 39.1 % de na daoine a ghlac páirt ann.

Áit Bhreithe


Rugadh 92.62% in Éirinn agus 5.37% in áiteanna eile san Eoraip. Tugann **Tábla 1** miondealú.

	% freagróirí
Ceatharlach	49
Éireannaigh Eile	43.62
An Bhreatain	3.02
Eorpaigh Eile	2.35
Gan Aon Fhreagra	2.01


Tábla 1: Freagróirí de réir áit bhreithe

Aoisghrúpa agus Stádas Pósta

Tá aoisdáileadh agus stádas pósta rannpháirtithe an tsuirbhé ar fáil i **bhFíoracha 1** agus **2**.




Fíor 1: Freagróirí de réir aoise



Fíor 2: Rannpháirtithe de réir stádas pósta (n=294)

Oideachas

Bhí céatadán ard fhreagróirí a raibh cáilíocht a bhain le hoideachas tríú leibhéal acu (**Fíor 3**). Seans go bhfuil tionchar ag an dá institiúid thríú leibhéal atá ar an mbaile ar an gcéatadán ard seo.



Fíor 3: Rannpháirtithe de réir leibhéal oideachais


Slí Bheatha

Cuireadh ceist ar na rannpháirtithe cén tslí bheatha a bhí acu, ach thug céatadán ard de na freagróirí freagraí a bhí ró-éiginnte le go bhféadfaí catagóiríú inmharthana socheacnamaíoch a chur i bhfeidhm orthu. I gcomhar leis an ráta réasúnta íseal de fhreagraí (80%), glacadh cinneadh gan an t-eolas seo a úsáid nuair a bhí anailís á dhéanamh ar na sonraí.

Feasacht ar an nGaeilge agus ar Phobal na Gaeilge i gCeatharlach

Tugann na torthaí ar na ceisteanna maidir leis an rannán seo le fios go bhfuil feasacht láidir ann maidir le pobal na Gaeilge sa dúiche seo, agus tuairim is 73% de dhaoine ag rá go raibh feasacht acu air, ach nach raibh an fheasacht chéanna ann chomh fada agus a bhain le heagraíocht Glór Cheatharlach, le breis agus 40% de dhaoine ag rá nár chuala siad riamh faoin eagraíocht seo, agus 6% de dhaoine a bhí éiginnte faoi bheith eolach fúithi. Is féidir a rá gur eagraíocht réasúnta nua atá i nGlór Cheatharlach, gur bunaíodh an eagraíocht i 2008, agus gur dócha go raibh tionchar ag an nuacht seo ar na figiúirí.

Nuair a ceistíodh na rannpháirtithe faoi imeachtaí agus faoi áiseanna éagsúla atá ar fáil i gCeatharlach, bhí éagsúlacht ag baint leis an fheasacht a bhí ag daoine fúthu. De réir mar a fheictear i bhFíor 4 thíos, bhí leibhéal ard feasachta ann ó thaobh cúrsaí don oideachas aosach bheith ar fáil, agus ó thaobh na bhféilte de, ach nach raibh leibhéal chomh hard feasachta ann (cé go raibh sé ard go leor ag 61%) i dtaca le heolas bheith ag daoine faoi imeachtaí sóisialta bheith ar fáil. Thabharfadh sé seo le fios go gcaithfidh muintir Ghlór Cheatharlach cur leis an bhfeasacht atá ann maidir leis an eagrais féin, cé go bhfuil ag éirí go maith leo na himeachtaí a réachtálann siad a chur chun cinn.



Fíor 4: Feasacht Faoi Imeachtaí Is Faoi Áiseanna i gCeatharlach


Rinneadh tástálacha comhghaolaithe chun iniúchadh a dhéanamh ar na gaolta a bheadh ann idir feasacht bheith ag daoine faoi na himeachtaí/áiseanna thuas, agus na trí athraitheach seo leanas, inscne, aois, agus oideachas. Bhí gaol suntasach ann idir inscne agus an fheasacht bheith ag daoine faoi imeachtaí don óige, léirigh mná an fheasacht ba mhó; agus idir aois agus fheasacht faoi imeachtaí sóisialta, inar léirigh daoine sna haoisghrúpaí óga go raibh eolas níos mó acusan faoi imeachtaí sóisialta ná mar a bhí ag freagróirí a bhí níos sine ná iad.

Nuair a cuireadh na leibhéil fheasachta i gcomparáid leis an gcéatadán de na freagróirí a ghlac páirt in aon cheann de na himeachtaí, nó a bhain úsáid as na háiseanna, feictear go bhfuil éagsúlacht mhór idir na figiúirí. (Fíor 5) Caithfear cuimhneamh air, áfach, go bhfuil teorainn leis an méid daoine a fhreastalódh ar chuid de na himeachtaí seo, m.sh. Campaí Samhraidh, Dioplóma sa Ghaeilge, agus luaigh cuid de na hagallaithe go ndearna siad iarrachtaí áiteanna a fháil ar na cúrsaí/campaí seo, ach go raibh na cúrsaí lán.

Freagairt thipiciúil a bhí ann maidir leis an gceist faoi na meáin áitiúla, an Colún Gaeilge sa Nationalist ach go háirithe, ná

“Amharcaim air, agus déanaim sruthléamh air, ach ní thuigim i gcónaí é, agus dá bhrí sin caithfidh mé freagra diúltach a thabhairt agus a rá nach léim i gceart é” (Agalláí 279).

Léirigh daoine go raibh suim acu go gcuirfí ar an eolas iad i dtaca leis na himeachtaí a luadh, agus páirt a ghlacadh iontu. Ba cheart go ndéanfadh Glór Cheatharlach díriú ar an ngné seo den obair, agus tá cur síos níos mine air seo níos déanaí i rannán eile den tuairisc seo.




Fíor 5: Céatadán na bhfreagróirí a ghlac páirt in imeachtaí atá ar fáil, nó a ghlacfadh páirt iontu

Nuair a cuireadh ceist ar na daoine a bhí ar an eolas, maidir le tionchar na n-imeachtaí thuasluaite orthu féin, d’fhreagair an chuid ba mhó daoine nach raibh tionchar ag na himeachtaí seo ar mhéadú ar an méid Ghaeilge a labhair siad, agus dúirt 38% gur labhair siad níos mó Gaeilge dá bharr. Caithfear a chur san áireamh go bhfuil daoine istigh ar an méid a dúirt nach raibh tionchar ag na himeachtaí thuasluaite ar an méid Ghaeilge a labhraíonn siad, a labhraíonn an Ghaeilge ar aon nós, beag beann ar na himeachtaí sin.


Dearcadh i Leith na Teanga

Bhí tuairim is 80% d'fhreagróirí a d'aontaigh go láidir, nó a d'aontaigh ar aon nós leis na ráitis “Creidim go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le teanga na Gaeilge” nó “Aontaím le himeachtaí a chuireann an Ghaeilge chun cinn.” (Fíor 6)



Fíor 6: Dearcadh i leith na Gaeilge agus i leith imeachtaí chun í a chur chun cinn

Tá an dearcadh dearfach seo i leith na Gaeilge le sonrú sna freagraí a thug daoine nuair a ceistíodh iad maidir leis na tuairimí a bhí acu chomh fada is a bhain leis an nGaeilge bheith á chur ar aghaidh. (Fíor 7)



Fíor 7 : Dearcadh i leith chur chun cinn na Gaeilge

Ceistíodh na hagallaithe i dtaca leis an tionchar a bhí ag daoine eile nó imeachtaí áirithe ar an dearcadh a bhí acu i leith na Gaeilge. Tugann **Tábla 2** miondealú ar na torthaí.

	Dearfach	Diúltach	Gan Tuairim
Tuismitheoirí (n=260)	41.2	13.1	45.7
Siblínní (n=257)	36.2	10.5	53.3
Múinteoirí (n=285)	57.2	27.8	15
Na Meáin (n=254)	40.2	10.6	49.2
Cairde (n=253)	34.4	12.6	53
An Ghaeltacht (n=251)	29.1	8.4	62.5
Imeachtaí Phobail (n=246)	35.8	7.7	56.5

Tábla 2: Tionchair ar dhearcadh i leith na Gaeilge


Tacaíonn na torthaí seo leis na torthaí a fuarthas cheana féin maidir le tábhacht an chórais oideachais ó thaobh dearcadh an phobail i leith na Gaeilge a mhúnlú. Léiríodh gurb iad na múinteoirí ba chúis leis an tionchar dearfach is mó agus an tionchar diúltach is mó a bhí ar na freagróirí.

D'imir an teaghlach tionchar láidir dearfach rithábhachtach ar fhreagróirí maidir le dearcadh i leith na teanga, na tuismitheoirí agus na siblínní araon. Tá sé suimiúil a thabhairt faoi deara go raibh na meáin chumarsáide sa tríú háit ó thaobh tionchar dearfach a bheith acu ar thuairimí dhaoine i leith na Gaeilge, beagnach 6% níos airde ná an tionchar a bhí ag cairde orthu.

Cumas i Leith na Gaeilge

Is iad na freagróirí féin a rinne meastachán ar an gcumas Gaeilge a bhí acu. Tugadh 5 rogha do na rannpháirtithe chun an cumas a mheas. Tá na torthaí curtha síos i bhFíor 8:

Dúirt 9.4% de na daoine ar cuireadh agallamh orthu nach raibh Gaeilge ar bith acu. Istigh ar an bhfigiúr seo tá 3.8% de dhaoine a d'fhás aníos taobh amuigh de thír na hÉireann, agus nach raibh deis acu aithne a chur ar an teanga. Den 90.6% d'fhreagróirí a dúirt go raibh Gaeilge acu, dúirt tuairim is 50% go raibh ábaltacht acu sa teanga agus 40.7% a dúirt go raibh cúpla focal acu, ar a laghad. (Fíor 8 agus Tábla 3)



Fíor 8: Féinmheasúnú maidir le cumas sa Ghaeilge

Má chuirimid na torthaí seo i gcomparáid le torthaí an tsuirbhé ó 1985, (achoimre i d**Tábla 3**), tá an chosúlacht ann go bhfuil bail níos sláintiúla ar an nGaeilge faoi láthair i gCeatharlach, agus ardú suntasach i líon na ndaoine atá líofa inti. Bhí titim íseal i líon na ndaoine gan Ghaeilge ar bith, íslíú 18% i measc daoine le cúpla focal, agus ardú tuairim is 20% sna rannáin ar fad a léirigh cumas níos airde sa teanga.

Catagóirí an tSuirbhé 2010	%	Catagóirí an tSuirbhé 1985	% (n=256)	Athrú (%)
Gan Ghaeilge	9.4	Gan Ghaeilge	11	-1.6
Cúpla Focal	40.7	Cúpla Focal / Abairtí Simplí	59	-18.3
Cumas Áirithe	32.3	Comhrá Áirithe	19	+13.3
Cumasach	12.9	Gnáth-Chomhrá	10	+2.9
Líofa	4.7	Gaeilge ón Chliabhán	1	+3.7

Tábla 3: Comparáid maidir le cumas sa Ghaeilge idir 1985 agus 2010

Is féidir comparáid fhabhrach a dhéanamh idir na figiúirí seo agus torthaí an tsuirbhé náisiúnta a ghlac an tAonad Suirbhé agus Taighde, An Roinn Socheolaíochta, NUI Maigh Nuad, suirbhé a cuireadh i bhfeidhm idir Mhí na Samhna 2007 agus Mhí an Mhárta 2008.² Má dhéanaimid scrúdú ar na catagóirí i dtaca le cumas sa teanga, (tugadh “gan líofacht” agus “meánach” orthu sa suirbhé náisiúnta) feicimid gur mheas 45.2% de dhaoine i gCeatharlach go raibh siad cumasach, i gcomparáid le 34% ar fud na tíre. (**Tábla 4**)


Catagóirí an tSuirbhé Náisiúnta	%	Catagóirí an tSuirbhé i gCeatharlach	%
Gan Ghaeilge	26	Gan Ghaeilge	9.4
Beagán Gaeilge	33	Cúpla Focal	40.7
Gan Líofacht	14	Cumas Áirithe	32.3
Meánach	20	Cumas Réasúnta	12.9
Líofa/An-Líofa	8	Líofa	4.7

Tábla 4: Comparáid idir shuirbhé náisiúnta 2009 agus shuirbhé Cheatharlach

Ní raibh comhghaol suntasach ann maidir leis an nGaeilge bheith ag duine, agus na hathróa seo leanas: inscne, stádas pósta agus áit bhreithe. Bhí comhghaol dearfach a bhí suntasach ó thaobh staitistice de le sonrú idir leibhéal chumais sa Ghaeilge, agus aois agus leibhéal oideachais. Déantar scagadh níos mine ar na gaolta seo thíos.


² McGréil, M. & Rhatigan, F. *The Irish Language and the Irish People*. (2009)

http://www.pobail.ie/ie/Preaseisiuinti/file_9801_ie.pdf



Fíor 9: Cumais féinmheasta labhairt na Gaeilge de réir aoise

Tugann **Fíor 9** léargas ar an gcéatadán aoise maidir le gach uile chatagóir labhartha. Tabhair faoi deara nach bhfuil mórán difríochta idir na haoisghrúpaí i dtaca leis an gcatagóir dóibhsan gan Ghaeilge. Baineann an líon is lú chainteoirí cumasacha agus chainteoirí líofa leis an gcatagóir de dhaoine thar 65 bliana d’aois, agus léirítear go bhfuil cuid mhaith de dhaoine óga sa dúiche atá réasúnta cumasach nó líofa sa teanga. Is dócha go bhfuil tionchar nach beag ag an nGaelscoil atá bunaithe le tamall, agus ag Gaelcholáiste an bhaile ar na figiúirí seo. Tá fás leanúnach ann sa mhéid is a bhaineann le líon na ndaltaí a fhreastalaíonn ar na scoileanna seo. Cuireann na scoileanna seo cohórt de dhaoine le Gaeilge ar fáil agus d’fhéadfadh pobal na Gaeilge tógáil ar an acmhainn seo.




Fíor 10: Aoisghrúpaí de réir chumas sa Ghaeilge

Ní féidir linn comparáid dhíreach a dhéanamh le torthaí an tsuirbhé i 1985 toisc gur baineadh úsáid as catagóirí d’aoisghrúpaí éagsúla, ach is féidir linn comparáidí ginearálta a dhéanamh. Léirigh an dá shuirbhé gurb iad na freagróirí is sine (>=65 bl) na daoine is lú chumais sa Ghaeilge. (**Fíor 10**) Sa bhliain 1985, bhí na daoine idir 25 agus 55 i bhfad níos líofa ná na daoine 25 bliana agus níos óige. Léiríonn na torthaí ó 2010 go bhfuil cumas sa Ghaeilge níos fearr ag an óige ná mar atá ag daoine níos aosta. Tá tuairim againn nach leanann an leibhéal ard líofachta seo nuair a théann an óige in

aois. Is féidir go dtarlaíonn seo toisc go mbíonn níos lú deiseanna acu an teanga a úsáid. Dúirt céatadán ard fhreagróirí gur cheart go gcuirfí imeachtaí ar fáil a fhreastalódh ach go háirithe ar dhaoine níos sine, imeachtaí a thabharfadh taitneamh i rith an lae, ar nós grúpa léitheoireachta nó cluichí cártaí a réachtáil.


Léirítear go soiléir an gaol láidir atá ann idir chumas sa Ghaeilge agus leibhéal oideachais i bhFíor 11. Bhí céim thríú leibhéal ag formhór mór na ndaoine atá cumasach agus líofa sa teanga. Is féidir an chonclúid a bhaint as san, gurb iad na daoine óga le cáilíochtaí arda, na daoine sna rannáin den daonra is cumasaí sa Ghaeilge.



Fíor 11: *Cumas labhartha féinmheasta de réir leibhéal oideachais*


Minicíocht agus Ócáidí Úsáide Theanga na Gaeilge

Is i suíomhanna neamhfhoirmiúla is mó a labhair daoine Gaeilge, ag ócáidí sóisialta is mó a labhraíodh í (51.3%), labhair 37.4% sa bhaile í agus ní raibh ach 14.7% ann a labhair Gaeilge ag an ionad oibre. (Fíor 12)



Fíor 12: *Ionad úsáide na Gaeilge*

Cuireadh ceist ar na freagróirí ar fad a dúirt gur labhair siad Gaeilge sa bhaile, san ionad oibre, nó go sóisialta, cé chomh rialta agus a labhair siad í. De réir mar a fheictear i bhFíor 13 níor bhain an cheist seo ach le 58% d'fhreagróirí.



Fíor 13: Rialtacht úsáide Theanga na Gaeilge

Cuireadh ceist ar na rannpháirtithe i dtaca leis an uair dheireanach inar labhair siad an Ghaeilge. Dúirt tuairim is 83% de dhaoine (n=164) gur labhair siad Gaeilge le mí anuas, agus dúirt 17% gur labhair siad Gaeilge i rith na bliana a d'imigh thart. Istigh ar an uimhir mhór de dhaoine a labhair Gaeilge i rith na míosa roimhe sin bhí rannpháirtithe a mhínigh gur ag cabhrú le páistí obair bhaile a dhéanamh a raibh siad.

Ardaíonn na torthaí seo ceist shuimiúil maidir leis an gcúis atá ann nach n-úsáideann daoine atá cumasach sa Ghaeilge an teanga ar bhonn níos rialta. Tá an tuairim ag Mac Gréil go bhfuil noirm soch-chultúrtha ann a d'fhéadfadh cur isteach ar úsáid na Gaeilge, cé go mbíonn leibhéil arda cumais agus dearcadh dearfach ag daoine i leith na teanga.³ De réir na noirm seo, agus leagtar amach iad i dtuairisc ó 1975 a d'fhoilsigh CILAR, bíonn leisce ar dhaoine bheith ag caint i nGaeilge mura mbíonn líofacht sa teanga ag gach uile dhuine a bhíonn i láthair, agus bíonn míshuaimhneas ar dhaoine labhairt le daoine atá níos líofa sa teanga ná iad féin.⁴

De réir na dtorthaí atá leagtha amach i dTábla 4 feictear go bhfuil na noirm theanga seo ann, agus go bhféadfadh go gcuireann easpa misnigh agus féin-chomhfhiosacht isteach ar úsáid níos mó a bhaint as an teanga. Ní dúirt ach 26% d'fhreagróirí (n=296) go gcuirfidís féin tús le comhrá as Gaeilge agus dúirt 54.4% de dhaoine go mbeadh míshuaimhneas orthu bheith ag labhairt Gaeilge le daoine a d'fhéadfadh bheith níos líofa ná iad.

³McGréil, M. & Rhatigan, F. *The Irish Language and the Irish People*. (2009) <http://www.pobail.ie/ie/Preaseisiuinti/file,9801,ie.pdf>

⁴ Committee on Irish Languages Attitudes Research (CILAR) (1975) *Report 1975* Dublin Government Publications

	1 (%)	2 (%)	3 (%)	4 (%)	5 (%)	Gan Tuairim (%)
Ba cheart go mbeadh ionad cultúrtha na Gaeilge ann le go bhféadfadh daoine bualadh go neamhfhoirmiúil le chéile chun Gaeilge a labhairt ann (<i>n=294</i>)	68.4	15	9.9	3.1	1.3	2.3
Ba mhaith liom go mbeadh deiseanna sa bhreis ann chun an Ghaeilge a labhairt i gCeatharlach (<i>n=295</i>)	38	15.6	18.3	8.5	10.2	9.4
Ní labhraíonn daoine im' thimpeallacht shóisialta Gaeilge (<i>n=291</i>)	40.5	8.9	17.9	9.3	21	2.4
Chuirfínn tús le comhrá sa Ghaeilge (<i>n=296</i>)	17.9	8.1	12.5	10.1	49	2.4
Bíonn míshuaimhneas orm bheith ag labhairt Gaeilge le daoine atá níos líofa ná mé (<i>n=296</i>)	44.6	9.8	12.2	7.1	22	4.3

Tábla 4: Freagraí ar cheist 8: 1 = “aontaím go láidir”; 2= “aontaím”; 3 = “neodrach”; 4= “esaontaím” agus 5 = “esaontaím go láidir”, cén bharúil atá agat faoi na ráitis seo leanas?”


Cé go bhfuil na srianta seo ann, tá fianaise ann chomh maith go bhfuil athrú ag teacht ar chúrsaí. Tá fás 9.3% tagtha ar an méid daoine a deir go mbíonn Gaeilge á labhairt sa timpeallacht shóisialta lena mbaineann siad, i gcomparáid leis an suirbhé ó 1985, agus titim de nach mór 6% i méid na ndaoine a deir go mbíonn míshuaimhneas orthu bheith ag caint i nGaeilge le daoine atá níos líofa ná iad féin.

Tá an dearcadh dearfach seo i leith phobal na Gaeilge le sonrú arís sa mhéid is go raibh céatadán an-ard daoine a d’aontaigh gur ceart go mbeadh Ionad Cultúrtha na Gaeilge ann i gCeatharlach. (83.4%; *n=294*).

Bhí freagra an-dearfach ann chomh maith don cheist a cuireadh maidir le deiseanna labhartha na Gaeilge bheith ann. Samhlaítear dúinn go bhféadfaí cur le húsáid na Gaeilge toisc gur aontaigh 53.6% d’fhreagróirí (*n=295*) go gcuirfidís fáilte roimh dheiseanna breise Gaeilge a labhairt i gCeatharlach.


Ba mhaith le formhór mór de na daoine bheith in ann an Ghaeilge a úsáid nuair a bhíonn seirbhísí á lorg acu. Dúirt 81% (*n=247*) d’agallaithe gur maith an rud é dá mbeadh bainc, siopaí, proinntithe, agus údaráis áitiúla ag cur seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge.

Cuireadh ceist ar na freagróirí ar fad imeachtaí nó áiseanna breise nach raibh ar fáil ag an bpointe sin a mholadh, rudaí a d’éascódh an fonn a léiríodh i dtaca leis an teanga a úsáid ar bhonn níos rialta. De réir mar a fheictear i bhFíor 14, bhí ráta réasúnta íseal freagraí ar an gceist seo.



Fíor 14: Ag lorg breis áiseanna/imeachtaí trí Ghaeilge

Rinneadh mionscrúdú ar na freagraí agus roinneadh i 6 chatagóir iad (**Fíor 15**). Toisc go ndúirt 14.4 % de dhaoine go raibh siad ana-shásta leis an leibhéal imeachtaí agus áiseanna a bhí ann cheana féin, glacadh cinneadh é seo a bheith istigh ar na catagóirí. Bhí éagsúlachtaí suntasacha ann maidir leis na freagraí taobh istigh de na catagóirí éagsúla. I measc na moltaí a bhí ann mar shampla, sa chatagóir sóisialta ná go raibh fonn ar dhaoine níos mó imeachtaí bheith ar fáil do na leanaí, agus iarratais go gcuirfí imeachtaí ar fáil i rith an lae do phinsinéirí. Bhí mórcheisteanna ag daoine i dtaca leis an gcatagóir faoi chúrsaí maidir leis an gcostas a bhí orthu, agus ceisteanna ó thaobh ama ann. D’aontaigh daoine gur ceart go mbeadh fógraí dátheangacha ann, agus bhí tacaíocht acu do lucht gnó agus do sheirbhísí poiblí a chuir na fógraí seo ar taispeáint in oifigí agus i siopaí, agus a thug le fios go raibh fáilte roimh Ghaeilge a úsáid sna háiteanna sin. Maidir leis an gcatagóir faoi rudaí eile, bhí moltaí ann ó thaobh leabhar frásaí d’fhoghlaimoirí a chur i gcló agus a dháileadh, club leabhar trí Ghaeilge a eagrú, grúpa drámaíochta i nGaeilge a bhunú, agus breis Gaeilge bheith in úsáid sna meáin áitiúla. Bhí cuid mhaith daoine ann a luaigh i dtosach báire gur mhaith leo go mbeadh an Ghaeilge in úsáid go nádúrtha i ngnáth-imeachtaí an lae, agus nach gá go mbeadh úsáid na Gaeilge teoranta d’ócáidí Gaelacha faoi leith.



Fíor 15: Imeachtaí/Áiseanna molta

	Go Rialta %	Anois & Arís %	Riamh %	Neamheolach %
Raidió (n=269)	9.7	29	58.7	2.6
Teilifís (n=291)	33.7	50.5	15.1	0.7
Cló Seachas Leabhair (260)	10.4	23.8	62.3	3.5
Leabhair (n=262)	14.1	22.9	60.7	2.3
Ar Líne (248)	0.8	6.5	82.7	10

Tábla 5: Minicíocht maidir le meáin trí Ghaeilge a úsáid

Glactar leis go forleathan leis go bhfuil ag éirí go han-mhaith le TG4 agus is léir é seo o Thábla 5. Bíonn breis agus 84% daoine ag breathnú go rialta nó go hócáideach ar chlár Ghaeilge ar an teilifís. Bhí dáileadh cothrom thar aoisghrúpa agus inscne ar na figiúirí seo. Ba é an chatagóir ó thaobh leabhair i nGaeilge a úsáid an dara chatagóir ba mhó, le 37% de dhaoine á léamh go rialta nó go hócáideach. Ní aon ionadh gur léirigh céatadán beag daoine go ndeachaigh siad ar líne chun áiseanna i nGaeilge a úsáid, toisc nach mbíonn na deiseanna seo ar fáil go forleathan, agus toisc go bhfuil feasacht theoranta ann i measc an phobail maidir leis na háiseanna seo.

Ba mhaith le nach mór 60% d'fhreagróirí go mbeadh níos mó Gaeilge in úsáid ag na meáin, agus an bhéim chéanna á leagadh acu ar mhéadú ar an méid Gaeilge a bheadh in úsáid go háitiúil is a bheadh go náisiúnta. Nuair a ceistíodh iad faoin earnáil ar leith inar mhaith an rud go dtarlódh an méadú seo, d'fhreagair a bhformhór gur mhaith leo go mbeadh níos mó Gaeilge in úsáid ar an raidió is ar an teilifís i gcoitinne. (30.4%; $n=164$).

Conclúidí/Moltaí

Tá stádas ard deimhneach ar an iomlán ag baint le teanga na Gaeilge i gCeatharlach. Tá cuma fholláin uirthi, agus líon níos mó daoine á labhairt i gcomparáid leis an mbliain 1985. Is féidir comparáid fhabhrach a dhéanamh chomh maith leis na torthaí náisiúnta ón suirbhé a rinne Mac Gréil agus Rhatigan i 2008.

Beidh ról lárnach leanúnach ag Glór Cheatharlach (bunaíodh 2008) maidir le tógáil a dhéanamh ar an mbunchloch seo, agus i dtaca leis an líon daoine a labhraíonn an teanga a mhéadú. D'éirigh thar barr leis an eagraíocht seo taobh istigh d'achar gearr ama. Bíonn freastal chomh mór sin ar na Campaí Samhraidh go mbíonn liostaí feithimh ann gach uile bhliain chun áiteanna d'fháil orthu. Tá fás tagtha faoin méid cúrsaí a chuireann Glór Cheatharlach ar fáil, agus faoi líon na ndaoine a bhíonn ag freastal orthu. Cuireann an rath agus an fhorbairt leanúnach atá faoin nGaelscoil agus faoin nGaelcholáiste go mór leis an nGaeilge bheith mar theanga bheo bhríomhar anseo i gCeatharlach.

Mar sin féin is gá féachaint chuige go mbeidh go leor deiseanna ann le gur féidir le daoine leanúint leo ag labhairt na Gaeilge tar éis dóibh na cúrsaí sin a thabhairt chun críche. Is gá an úsáid a bhaintear as an teanga i suímh shóisialta agus fhóillíochta a spreagadh. Tá gá ann chomh maith maidir leis an mbearna atá ann idir inniúlacht agus úsáid a líonadh, ionas gur féidir dul chun cinn a dhéanamh.

Dá bhféadfaí Ionad Cultúrtha a chur ar bun i gCeatharlach líonfaí an bhearna seo, agus thaobhódh formhór mór daoine leis. Ba chóir go ndéanfaí machnamh ceart faoi áit mar seo a chur ar bun mar bhealach chun timpeallacht shuaimhneach neamhfhoirmiúil a chruthú le go bhféadfaí imeachtaí mar ghrúpa máithreacha agus leanaí, maidin chaife do sheanóirí, grúpa léitheoireachta, club drámaíochta a réachtáil le haghaidh labhairt na Gaeilge. Comhlánú loighciúil a bheadh anseo ar an bhfóras faoi fhorhór na ndaoine bheith ag labhairt na Gaeilge i suímh neamhfhoirmiúla, sa bhaile nó go sóisialta.

Is léir go bhfuil bá ag daoine le go ndéanadh lucht ghnó obair trí Ghaeilge. D'fhéadfaí bearta praiticiúla a chur i bhfeidhm ar bheagán chostais ar nós biachláracha bheith i nGaeilge, nó fógraí i siopaí a léireodh fáilte roimh ghnó trí Ghaeilge.

Caithfidh daoine indibhidiúla a gcion a dhéanamh maidir le hathrú a chur ar na noirm agus ar na struchtúir atá "bacúil", dar le Mac Gréil.⁵ Caithfear iad seo a shárú sula bhféadfaí an Ghaeilge bheith in úsáid go nádúrtha mar chuid den ghnáthshaol laethúil i gCeatharlach.

⁵ McGréil, M. & Rhatigan, F. *The Irish Language and the Irish People*. (2009)

<http://www.pobail.ie/ie/Preaseisiuinti/file,9801,ie.pdf>

LEABHARLIOSTA

Committee on Irish Languages Attitudes Research (CILAR) (1975) Report 1975 Dublin Government Publications

Institiúid Teangeolaíochta Éireann (1986) The Irish Language in Carlow, 1985. A survey of public attitudes towards Irish, abilities in Irish and Use of Irish <http://www.glorcheatharlach.ie>

McGréil, M. & Rhatigan, F. The Irish Language and the Irish People. (2009)
<http://www.pobail.ie/ie/Preaseisiuinti/file,9801,ie.pdf>

Introduction

